Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2023)0445

Earraí bia lena gcaitheamh ag an duine: leasú ar Threoracha áirithe ‘Bricfeasta’

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil, Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí cosúla áirithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine, Treoir 2001/113/CE ón gComhairle maidir le subha torthaí, glóthacha agus marmaláid agus *purée* castáin milsithe a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine agus Treoir 2001/114/CE ón gComhairle maidir le bainne leasaithe atá díohiodráitithe go páirteach nó go hiomlán a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (COM(2023)0201 – C9-0140/2023 – 2023/0105(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0385/2023).

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE[20] ón gComhairle sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh agus ceanglais lipéadaithe le haghaidh meala.	(2) Leagtar síos le Treoir 2001/110/CE[20] ón gComhairle sainmhínithe, ainmneacha, rialacha comhchoiteanna maidir le comhdhéanamh, ***cáilíocht*** agus ceanglais lipéadaithe le haghaidh meala.
[20] Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).	[20] Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir cáilíocht na meala agus a tionscnamh agus an gá nach gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar buaineadh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír nó na tíortha tionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó tríú tír amháin an mhil, féadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásc	(3) I bhfianaise an dlúthcheangail atá idir cáilíocht na meala agus a tionscnamh agus an gá nach gcuirfí an tomhaltóir amú maidir le cáilíocht an táirge, leagtar síos le Treoir 2001/110/CE rialacha maidir le lipéadú an tionscnaimh inar buaineadh an mhil. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 2(4) den Treoir sin an tír nó na tíortha tionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad agus foráiltear leis, más de thionscnamh níos mó ná Ballstát amháin nó tríú tír amháin an mhil, féadfar ceann amháin díobh seo a leanas a chur in ionad thásc

éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc de mheala AE’, ‘cumasc de mheala neamh-AE’, ‘cumasc de mheala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ag na Ballstáit ar an mbonn sin tomhaltóirí a chur amú agus d’fhéadfadh sé gur chuir siad bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise ***chuspóir na Straitéise*** Ón bhFeirm go dtí an Forc mar atá tomhaltóirí a neartú chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear maidir le tionscnamh a mbia, agus d’fhonn feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí chomhchuibhiú na rialacha lipéadaithe, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh le haghaidh lipéadú ar thionscnamh meala agus é a dhéanamh mar fhoráil go luafaí an tír nó na tíortha tionscnaimh ar an bpacáistíocht. I bhfianaise mhéid laghdaithe na bpacáistí nach bhfuil iontu ach riar amháin meala (pacáistí bricfeasta) agus na deacrachtaí teicniúla a eascraíonn astu, is iomchuí, ***dá bhrí sin, na pacáistí sin a dhíolmhú ón oibleagáid na tíortha tionscnaimh uile a liostú***, i gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil.

éigeantach na dtíortha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí: ‘cumasc de mheala AE’, ‘cumasc de mheala neamh-AE’, ‘cumasc de mheala AE agus neamh-AE’. D’fhéadfadh sé go ndearna na rialacha éagsúla arna nglacadh ag na Ballstáit ar an mbonn sin tomhaltóirí a chur amú agus d’fhéadfadh sé gur chuir siad bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. I bhfianaise ***chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus chuspóir na Straitéise*** ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ maidir le tomhaltóirí a neartú agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh ***geografach*** a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú ar fud an Aontais trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le lipéadú ar thionscnamh meala agus foráil a dhéanamh gur cheart an tír thionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh a lua ***in ord íslitheach, de réir a sciar faoi seach mar chéatadán de mheáchan na meala atá sa phacáiste***, ar an bpacáistiú. ***I bhfianaise na spéise ar leith a léiríonn tomhaltóirí i dtionscnamh geografach na meala, i ndáil lena saintréithe agus lena cáilíocht, agus an gá atá le trédhearcacht iomlán san earnáil sin, ba cheart an tír thionscnaimh nó na tíortha tionscnaimh, eadhon an áit ar buaineadh an mhil, a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le tásc an táirge***. I bhfianaise mhéid laghdaithe na bpacáistí nach bhfuil iontu ach

cuid amháin meala (pacaí bricfeasta) agus na deacrachtaí teicniúla a eascraíonn as sin, ***i gcás pacáistí beaga den sórt sin amháin***, i gcás gur de thionscnamh níos mó ná tír amháin an mhil, ***ba cheart go bhféadfaí na tíortha tionscnaimh a shonrú ar an lipéad trí úsáid a bhaint as an gcód tíre ISO faoi seach***.

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Tugann tuairiscí an Choimisiúin ar ghóchumadh na meala ó 'Gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais ó na Coirceoga' agus 'Gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais chun cleachtais chalaoiseacha áirithe in earnáil na meala a dhíspreagadh' chun suntais go bhfuil amhras ann go bhfuil céatadán ard meala iompórtáilte á dtruaillmheascadh agus go ndearbhaíonn sé roinnt cásanna calaoise in earnáil na meala, lena n-áirítear úsáid síoróipí siúcra atá an-deacair a bhrath fiú le modhanna anailíseacha sofaisticiúla. Le Treoir 2001/110/CE, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún modhanna iomchuí anailíse a bhunú lena áirithiú go gcomhlíonann mil a mhargaítear san Aontas ceanglais na reachtaíochta. Ba cheart bearta agus forálacha a

dhéanamh chun teorainn a chur leis na féidearthachtaí maidir le calaois, chun rialuithe a éascú agus chun inrianaitheacht agus anailís níos fearr ar cháilíocht agus ar thionscnamh meala a cheadú. Sa chomhthéacs sin, leis na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo chun na tíortha tionscnaimh a léiriú mar aon lena gcéatadáin faoi seach ar an lipéad, ba cheart na réamhchoinníollacha a chruthú chun córas inrianaitheachta iomlán a chur chun feidhme. D'fhágfadh rochtain ar fhaisnéis mhionsonraithe iomlán maidir le tionscnamh agus comhdhéanamh na meala go mbeadh sé níos éasca do na saotharlanna anailíse meala an tásc geografach ar an bpacáistiú meala a fhíorú agus calaois a bhrath. Chun cruinneas na faisnéise maidir le tír thionscnaimh na meala a áirithiú, ba cheart go mbeadh cur ar an margadh ag brath ar chruinneas na faisnéise a sholáthraítear maidir le comhdhéanamh an táirge. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh táirgí na ceanglais a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha rialta agus rioscabhunaithe a dhéanamh.

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3b) D'fhonn teorainn a chur a mhéid is féidir le calaois a bhaineann le táirgí truaillmheasctha nach bhfreagraíonn don ainmniú 'mil', chun bailíochtú na faisnéise a sholáthraítear faoi thionscnamh agus faoi cháilíocht na meala a chumasú, agus chun an trédhearcacht is mó is féidir a chur ar fáil, ba cheart rialacha an Aontais maidir le hinrianaitheacht a fhorlíonadh le rialacha íosta éigeantacha comhchuibhithe agus córas inrianaitheachta a thabhairt isteach lena n-áiritheofar infhaighteacht agus rochtain ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir le tionscnamh na meala nó na meala i gcumasc, lena n-áirítear an tír thionscnaimh, an bhliain táirgthe agus aitheantóir uathúil táirgeora, feadh an tslabhra soláthair. I gcás meala a tháirgtear agus a allmhairítear isteach san Aontas, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát a bheith in ann an slabhra iomlán a leanúint ar ais chuig na beachairí buainte nó, i gcás meala allmhairithe, chuig an táirgeoir. Níor cheart go gcuirfeadh na rialacha sin le hualach riaracháin na dtáirgeoirí, ach ba cheart go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí agus do na húdaráis mhaoirseachta súil a choinneáil ar aistear iomlán na meala ó bhuaint go buidéalú.

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3c) Is iondúil go ndéanann tomhaltóirí míthuiscint ar an téarma 'mil scagtha', a úsáidtear i dTreoir 2001/110/CE, agus ní dhéanann siad idirdhealú idir ultrascagachán agus scagachán a dhéanann beachairí tar éis a mil a bhaint chun cáithníní céarach agus ábhar coimhthíoch eile a bhaint. Chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn ar fáil do thomhaltóirí, agus inrianaitheacht agus infhíoraitheacht bharántúlacht meala agus tionscnamh meala, níor cheart go gceadófaí mil ultrascagtha, dá dtagraítear i dTreoir 2001/110/CE mar 'mil scagtha', a mhargú agus a lipéadú mar 'mil' a thuilleadh. Tagraíonn ultrascagachán do phróisis scagacháin trí úsáid a bhaint as mogall scagaire ar mhéid faoi 100 µm, rud a fhágann go mbaintear formhór na pailine ó mhil. Ós rud é gurb é pailin an phríomheilimint atá i mil a úsáidtear chun a bunús a rianú nuair a dhéantar anailís uirthi, fágann easpa pailine i mil go bhfuil sé beagnach dodhéanta na sonraí a sholáthraítear maidir le tír thionscnaimh nó tíortha tionscnaimh na meala a fhíorú. Dá bhrí sin, athraíonn ultrascagachán mil trí cheann dá príomh-chomhpháirteanna agus dá príomhthréithe a

bhaint di, agus cuireann sé cosc ar a hinrianaitheacht, rud a chumasaíonn calaois agus tásca míthreoracha do thomhaltóirí. Más rud é, nuair a dhéantar tástáil ar tháirge a chuirtear ar an margadh mar mhil, gur beag an rian atá ann nó nach bhfuil rian ar bith de phailin ann, ba cheart toirmeasc a chur air, chomh maith leis an mbaisc ar cuid di é, más infheidhme, óna chur ar an margadh. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/110/CE a leasú dá réir chun an leibhéal scagacháin a cheadaítear a shonrú. Ba cheart go mbeadh leibhéal den sórt sin de chineál nach n-athróidh go suntasach dlús agus speictream pailine na meala, ach ba cheart go mbeadh sé amhlaidh chun an chuid is mó den ábhar coimhthíoch sa mhil a bhaint.

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3d) Tá cóireáil teasa os cionn 40°C (± 5°C) ina chúis le díghrádú comhábhair áirithe na meala, agus ba cheart go gcuirfí ar chumas na dtomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir mil atá díghrádaithe ag cóireálacha teasa den sórt sin agus mil eile. Má chóireáiltear mil os cionn 40 °C (± 5 °C), ba cheart an téarma 'mil théite' a bheith

ar an lipéad. D'fhonn a rialú nach ann do dhíghrádú teirmeach meala, ba cheart íostairseach a leagan síos maidir le hinbhéartáis a bheith i láthair i mil, einsím atá i bhfad níos íogaire agus a dhíghrádaíonn go han-tapa ag teochtaí arda. Ós rud é go bhféadfaí modhnú a dhéanamh ar airíonna nádúrtha na meala lena théamh, tá sé tábhachtach tairseach a bhunú ar os a cionn a mheastar mil báicéara a bheith róthéite i gcomhréir le Treoir 2001/110/CE.

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3e) Á mheabhrú go sonraítear go soiléir sa sainmhíniú ar mhil i dTreoir 2001/110/CE agus sa sainmhíniú sa Codex Alimentarius araon an obair a dhéanann na beacha sa choirceog tar éis dóibh a mbarr a shaothrú, barr a dhéanann siad a chlaochlú trina mheascadh le sainábhair dá gcuid féin, iad a thaisceadh, a dhíhiodráitiú, a stóráil agus a fhágáil chun aibiú i gcíor na coirceoige. Is iad na beacha a dhéanann na hoibríochtaí sin, díhiodráitiú agus aibiú ina dhiaidh. Lasmuigh den Aontas, tá tíortha a ghlacann leis go mbíonn obair na mbeach sa táirgeadh meala teoranta do

shaothrú táil neachtair ó phlandaí nó ó dhrúchtín meala. I gcás mil neamhaibí a tháirgtear sa tslí sin bíonn an cion taise inti i bhfad os cionn na tairsí 20 % a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE. Oibríonn na hoibreoirí le dabhcha téite faoi fholús chun teocht fiuchphointe an uisce sa mhil a theorannú. Mar sin féin, díghradaítear an táirge críochnaitheach leis an bpróiseas sin, agus ídítear na bolaí cumhra agus na heinsími. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtoirmeascfaí le Treoir 2001/110/CE an próiseas fholúsghalaithe le haghaidh meala.

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3f) Saobhtar an iomaíocht i margadh an Aontais Eorpaigh de bharr thráchtálú meala nach mbíonn aibithe go nádúrtha ag beacha, agus an chuid is mó di á hallmhairiú ó thríú tíortha. I bhformhór na gcásanna bíonn folúsghalú an uisce sa mhil i gceist, rud a ídíonn na bolaithe cumhra a bhíonn i láthair go nádúrtha. Bíonn an galú uisce sciobtha agus saorga ón mil in iomaíocht leis an bpróiseas díthaisiriúcháin mall a dhéanann beacha go nádúrtha sa choirceog. Ba cheart, dá bhrí sin, galú saorga a thoirmeasc.

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach Aithris 3 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3g) Ba cheart an sainmhíniú ar mhil, mar a leagtar síos i dTreoir 2001/110/CE, a chosaint ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), chun sainmhíniú a sheachaint lena gceadófaí táirgí ar chostas íseal a onnmhairiú faoin ainm 'mil', rud a dhéanfadh dochar do cháilíocht agus do chobhsaíocht mhargadh meala an Aontais agus do mhuinín tomhaltóirí as táirgí an Aontais.

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún an cur chuige Aon Sláinte Amháin a chur san áireamh chun a áirithiú go n-urramófar na naisc idir sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an comhshaol. Ní mór do tháirgeadh bia agus bia a bheith sláintiúil do dhaoine agus d'ainmhithe agus ba cheart leas ainmhithe agus teorainneacha pláinéadacha a chur san áireamh, lena n-áirítear astaíochtaí gás

ceaptha teasa chun a áirithiú go ndéanfar na spriocanna ceangailteacha a leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* a urramú go hiomlán.

_____

*** *Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) In 2012, leasaíodh Treoir 2001/112/CE le Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] chun na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe a léiriú, amhail na rialacha a bhaineann le siúcraí a chur leis, rud nach raibh údaraithe a thuilleadh i súnna torthaí. I bhfianaise an athraithe sin ar cheanglais chomhdhéanaimh maidir le súnna torthaí, ceadaíodh don tionscal sú torthaí úsáid a bhaint as, ar feadh bliain amháin, ráiteas a thabharfadh le fios nach bhfuil siúcraí breise i súnna torthaí ar bith, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus é a chur ar a gcumas acu idirdhealú soiléir a	(5) In 2012, leasaíodh Treoir 2001/112/CE le Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] chun na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe a léiriú, amhail na rialacha a bhaineann le siúcraí a chur leis, rud nach raibh údaraithe a thuilleadh i súnna torthaí. I bhfianaise an athraithe sin ar cheanglais chomhdhéanaimh maidir le súnna torthaí, ceadaíodh don tionscal sú torthaí úsáid a bhaint as, ar feadh bliain amháin, ráiteas a thabharfadh le fios nach bhfuil siúcraí breise i súnna torthaí ar bith, chun tomhaltóirí a chur ar an eolas agus é a chur ar a gcumas acu idirdhealú soiléir a

dhéanamh láithreach idir súnna torthaí agus táirgí áirithe eile dá samhail i dtéarmaí siúcraí a chur sna táirgí. Dhealraigh sé go raibh an tréimhse ama ghearr sin neamh-leordhóthanach chun an tsochaí a chur ar an eolas, tar éis na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe, nach bhfuil sé údaraithe a thuilleadh siúcraí a chur i súnna torthaí. Mar thoradh air sin, i gcás cuid de na tomhaltóirí agus cleachtóirí sláinte, níl sé soiléir fós nach féidir siúcraí breise a bheith i súnna torthaí, contrártha le neachtair thorthaí.

dhéanamh láithreach idir súnna torthaí agus táirgí áirithe eile dá samhail i dtéarmaí siúcraí a chur sna táirgí. Dhealraigh sé go raibh an tréimhse ama ghearr sin neamh-leordhóthanach chun an tsochaí a chur ar an eolas, tar éis na rialacha nua maidir le comhábhair údaraithe, nach bhfuil sé údaraithe a thuilleadh siúcraí a chur i súnna torthaí. Mar thoradh air sin, i gcás cuid de na tomhaltóirí agus cleachtóirí sláinte, níl sé soiléir fós nach féidir siúcraí breise a bheith i súnna torthaí, contrártha le neachtair thorthaí. ***Tá baint ag an iomarca saorshiúcraí nó milseoirí neamh-siúcra le héifeachtaí díobhálacha ar shláinte. Is minic nach rogha níos sláintiúla iad táirgí, amhail súnna próiseáilte, nó neachtair, a chuireann leibhéil laghdaithe siúcra chun cinn ná táirgí a bhfuil siúcra nádúrtha nó nach bhfuil aon siúcra breise curtha leo, agus nach bhfuil siad oiriúnach in ionad torthaí nó glasraí úra. Chun soiléireacht a chur ar fáil do thomhaltóirí agus do chleachtóirí sláinte, níor cheart lipéadú míthreorach a cheadú a spreagann súnna nó neachtair phróiseáilte a chur in ionad torthaí nó bia cothaitheach eile. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún torthaí staidéar EFSA ar uasleibhéal iontógála inghlactha le haghaidh siúcraí cothaithe a urramú, go háirithe an moladh gur gá saorshiúcraí agus siúcraí breise a aicmiú le chéile i dtéarmaí na dtorthaí sláinte do shaoránaigh. Faoin 31 Nollaig 2024, ba cheart don***

Choimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr maidir le láithreacht agus méid na saorshiúcraí agus siúcraí breise i dtáirge.

---

[22] Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (IO L 115, 27.4.2012, lch. 1).

---

[22] Treoir 2012/12/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 lena leasaítear Treoir 2001/112/CE ón gComhairle maidir le súnna torthaí agus táirgí áirithe comhchosúla a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (IO L 115, 27.4.2012, lch. 1).

*** *Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún Eorpach, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304,***

22.11.2011, lch. 18).

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) I bhfianaise chuspóir an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' tacú le tomhaltóirí agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh geografach a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh ar fud an Aontais a chaomhnú trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le torthaí úra, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le súnna torthaí agus foráil a dhéanamh gur cheart tír thionscnaimh nó tíortha tionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun súnna torthaí a tháirgeadh a léiriú in ord íslitheach ar an bpacáistiú.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála forbartha nó á bhforbairt chun	(8) De thoradh dul chun cinn teicniúil, tá teicnící nua próiseála forbartha nó á bhforbairt chun

siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint de shúnna torthaí agus de shúnna torthaí ó dhlúthán, chun aghaidh a thabhairt ar éileamh méadaithe tomhaltóirí ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos ísle acu. Is féidir táirgí den sórt sin a mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaraithe i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm, áfach, agus tá a gcion iomlán siúcra, ar a dtugtar leibhéal Brix do thuaslagán uiscí, níos ísle ná sin de shú a eastósctar as na torthaí. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí' nó 'sú torthaí ó dhlúthán' orthu.

siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint de shúnna torthaí agus de shúnna torthaí ó dhlúthán, chun aghaidh a thabhairt ar éileamh méadaithe tomhaltóirí ar tháirgí a bhfuil cion siúcra níos ísle acu. ***Níor cheart go n-úsáidfí milseoirí ná breiseáin mar thoradh ar na teicnící nua sin mar chúiteamh ar an éifeacht a bhíonn ag laghdú siúcra ar bhlas, ar uigeacht agus ar cháilíocht an táirge deiridh.*** Is féidir táirgí den sórt sin a mhargú san Aontas a mhéid a chomhlíonann siad gach reachtaíocht ábhartha. Faightear na táirgí sin trí chóireáil nach ceann de na cóireálacha údaraithe i gCuid II, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE í a chur i bhfeidhm, áfach, agus tá a gcion iomlán siúcra, ar a dtugtar leibhéal Brix do thuaslagán uiscí, níos ísle ná sin de shú a eastósctar as na torthaí. Mar thoradh air sin, b'fhéidir nach mbeadh an t-ainm táirge 'sú torthaí' nó 'sú torthaí ó dhlúthán' orthu.

Leasú 52

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8 a) Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún éifeachtaí diúltacha aspairtéime ar an tsláinte a chur san áireamh go hiomlán toisc go bhféadfadh sé a bheith carcanaigineach i leith daoine de réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC)

de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). Ba cheart do EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar aspairtéim tar éis fhógraí EDS faoin 31 Nollaig 2024.

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Tá fáil níos mó ar tháirgí den sórt sin ar mhargadh an Aontais. Chun cur ar an margadh inmheánach na dtáirgí sin a éascú, ***ag cur san áireamh freisin an gá atá le hathfhoirmliú táirgí a spreagadh chun an méid siúcraí atá i súnna torthaí a laghdú***, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú le haghaidh súnna torthaí a bhfuil a gcuid siúcraí a fhaightear go nádúrtha bainte go hiomlán nó go páirteach agus na saintréithe fíor-riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha eile á gcoimeád. Ba cheart go mbeadh an t-ainm táirge ‘sú torthaí le siúcra laghdaithe’ nó ‘sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán’ ar na táirgí seo agus go mbeadh leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal an sú a eastósctar as na torthaí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí ó dhlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur	(9) Tá fáil níos mó ar tháirgí den sórt sin ar mhargadh an Aontais. Chun ***nuálaíocht*** a éascú ***a laghdaíonn méid na siúcraí atá i súnna torthaí agus*** a chuireann na táirgí sin ar an margadh inmheánach, ba cheart catagóir nua táirgí a chruthú do shúnna torthaí ar baineadh na siúcraí a fhaightear go nádúrtha astu ina n-iomláine nó i bpáirt, agus na saintréithe riachtanacha eile fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha á gcoinneáil. ***Ba cheart diantoirmeasc a chur ar aon chineál siúcra nó milseora breise, bídís nádúrtha nó saorga, sna táirgí sin.*** Ba cheart go mbeadh an t-ainm táirge ‘sú torthaí le siúcra laghdaithe’ nó ‘sú torthaí siúcra-laghdaithe ó dhlúthán’ ar na táirgí seo agus mbeadh leibhéal Brix níos ísle ná leibhéal an sú a eastósctar as na torthaí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ba cheart an cion siúcra a laghdú 30 % ar a laghad i gcomparáid le sú torthaí agus sú torthaí ó dhlúthán. Is iomchuí, dá bhrí sin, an chatagóir nua táirgí a chur

isteach i gCuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaraithe na dtáirgí sin, chomh maith leis na cóireálacha agus na substaintí údaraithe.

isteach i gCuid I d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/112/CE chomh maith le rialacha a leagan síos maidir le comhábhair údaraithe na dtáirgí sin, chomh maith leis na cóireálacha agus na substaintí údaraithe.

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) I gcás ina méadaítear an chainníocht torthaí a úsáidtear chun subha agus glóthacha a mhonarú, laghdaítear an méid siúcra breise a theastaíonn chun an cion íosta d’ábhar tirim intuaslagtha a shroicheadh sna táirgí sin. Chun táirgeadh subh a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí agus ag cur san áireamh an gá atá le cion saorshiúcra a laghdú, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú subh agus subh breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Chun táirgeadh glóthach a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú glóthach agus glóthach breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise cuidiú le tomhaltóirí roghanna bia sláintiúla, níos eolasaí a dhéanamh, is iomchuí úsáid na n-ainmneacha forchoimeádta a shainítear i	(16) I gcás ina méadaítear an chainníocht torthaí a úsáidtear chun subha agus glóthacha a mhonarú, laghdaítear an méid siúcra breise a theastaíonn chun an cion íosta d’ábhar tirim intuaslagtha a shroicheadh sna táirgí sin. Chun táirgeadh subh a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí agus ag cur san áireamh an gá atá le cion saorshiúcra a laghdú, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú subh agus subh breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. Chun táirgeadh glóthach a spreagadh le leibhéal méadaithe cion torthaí agus ar an gcaoi sin chun tacú le margadh na dtorthaí, ba cheart an chainníocht íosta torthaí atá le húsáid i monarú glóthach agus glóthach breise a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2001/113/CE a mhéadú. ***Thairis sin, ba cheart gach comhábhar a lua ar an lipéad agus níor cheart laghdú ar an gcion siúcra a chúiteamh le milseoirí.*** Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise cuidiú

gCuid I den Iarscríbhinn sin a údarú do tháirgí a bhfuil cion ábhair thirim intuaslagtha níos lú ná 60 % acu ach a chomhlíonann na coinníollacha is infheidhme maidir leis an maíomh cothaithe ‘siúcraí laghdaithe’ a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a mhéid a bhaineann le siúcra laghdaithe.

le tomhaltóirí roghanna bia sláintiúla, níos eolasaí a dhéanamh, is iomchuí úsáid na n-ainmneacha forchoimeádta a shainítear i gCuid I den Iarscríbhinn sin a údarú do tháirgí a bhfuil cion ábhair thirim intuaslagtha níos lú ná 60 % acu ach a chomhlíonann na coinníollacha is infheidhme maidir leis an maíomh cothaithe ‘siúcraí laghdaithe’ a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 a mhéid a bhaineann le siúcra laghdaithe.

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a)I bhfianaise chuspóir an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ tacú le tomhaltóirí agus roghanna eolasacha á ndéanamh acu, lena n-áirítear maidir le tionscnamh geografach a mbia, agus ar mhaithe le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh ar fud an Aontais a chaomhnú trí na rialacha maidir le lipéadú a chomhchuibhiú, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le torthaí úra, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le subha, glóthacha, marmaláidí agus purée cnó capaill milsithe agus foráil a dhéanamh gur cheart tír thionscnaimh nó tíortha

	tionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun táirgí den sórt sin a fháil a léiriú in ord íslitheach ar an bpacáistiú.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm laistigh de thréimhse ***18*** mí ó dháta a teachta i bhfeidhm. Chun neart ama a thabhairt d'oibreoirí le dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an Treoir seo go dtí ***24*** mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.	(23) Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm laistigh de thréimhse ***12*** mí ó dháta a teachta i bhfeidhm. Chun neart ama a thabhairt d'oibreoirí le dul in oiriúint do na ceanglais nua, ba cheart nach mbeadh feidhm ag na forálacha náisiúnta sin lena dtrasuitear an Treoir seo go dtí ***18*** mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leasaítear ***Airteagal 2 de*** Threoir 2001/110/CE mar a leanas:	Leasaítear Treoir 2001/110/CE mar seo a leanas:

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(1a) In Airteagal 2, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:
2. ní bheidh feidhm ag na hainmneacha táirgí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I ach amháin maidir leis na táirgí a shainítear iontu agus úsáidfear iad sa trádáil chun iad a ainmniú. Féadfar ainm an táirge shimplí 'mil' a chur in ionad na n-ainmneacha sin, ach amháin i gcás ***mil scagtha***, mil chíre, mil smutáin nó mil chíre ghearrtha agus mil báicéara.	"2. ní bheidh feidhm ag na hainmneacha táirgí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I ach amháin maidir leis na táirgí a shainítear iontu agus úsáidfear iad sa trádáil chun iad a ainmniú. Féadfar ainm an táirge shimplí 'mil' a chur in ionad na n-ainmneacha sin, ach amháin i gcás mil chíre, mil smutáin nó mil chíre ghearrtha agus mil báicéara."

Leasuithe 20 agus 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 b (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 2 pointe b

An téacs reatha	*Leasú*
	(1b) In Airteagal 2, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití de phointe b den dara fomhír:
"(b) seachas i gcás ***mil scagtha agus mil báicéara, féadfar ainmneacha na dtáirgí a fhorlíonadh le faisnéis a thagraíonn do na nithe seo a leanas***:	"(b) ***Seachas i gcás mil báicéara, féadfar na hainmneacha sin a fhorlíonadh le faisnéis faoi na nithe seo a leanas maidir leis an mil:***
	– de bhunadh bláthach nó plandúil, má thagann an táirge go hiomlán nó go príomha ón bhfoinse a léirítear agus má léiríonn sé saintréithe orgánaileipteacha, fisiciceimiceacha agus micreascópacha an

tionscnaimh shonraithe;

– tionscnamh réigiúnach, críochach nó topagrafach, má thagann an táirge go hiomlán ón bhfoinse léirithe;

– sainchritéir cháilíochta.”

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 c (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 2 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1c) In Airteagal 2, mír 2, an dara fomhír, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:
	“(ba) Beidh cód aitheantóra atá nasctha le córas inrianaitheachta ag gach mil, a mhargaítear le sainaithint nach ionann é agus sainaithint an bheachaire, a chuirfidh ar chumas údaráis inniúla na mBallstát slabhra soláthair iomlán meala ar leith a rianú siar chomh fada le beachairí. Ní bheidh rochtain ag tomhaltóirí ar aon fhaisnéis phearsanta a áirítear sa chóras inrianaitheachta ach amháin le comhaontú tháirgeoirí na baisce nó na mbaisceanna lena mbaineann.”

Leasú 59

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Déanfar an tír thionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad. ***I gcás gur de thionscnamh níos mó ná*** tír amháin an mhil, déanfar na tíortha tionscnaimh ***inar buaineadh an mhil*** a léiriú ar lipéad na ***bpacáistí a bhfuil níos mó ná 25 g iontu;***	(a) Déanfar an tír thionscnaimh inar buaineadh an mhil a léiriú ar an lipéad. ***Más in aon*** tír amháin ***a saothraíodh*** an mhil, déanfar ***an tír sin a léiriú ar an lipéad ar aghaidh an phacáiste i ngar d'ainm branda an táirge. Más cumasc meala a saothraíodh i roinnt tíortha í an mhil, déanfar liosta de*** na tíortha tionscnaimh a léiriú ar ***an*** lipéad ***ar aghaidh an phacáiste in ord íslitheach de réir toirte, agus teorainn lamháltais 5 % i gceist leis*** na ***céatadáin bheachta sa chumasc'.***

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"(aa) Maidir le pacáistí ina bhfuil níos mó ná 30 g, sonrófar ar an lipéad an sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh agus úsáid á baint as ceann de na raonta seo a leanas:
	>90 %
	70 %-90 %
	50 %-70 %
	30 %-50 %
	10 %-30 %
	<10 %
	Maidir le pacáistí ina bhfuil 30 g nó níos lú, féadfar an

	sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh a léiriú ar an lipéad ag úsáid ceann de na raonta seo a leanas:
	>75 %
	50 %-75 %
	25 %-50 %
	<25 %.”

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	“(ab) I gcás pacáistí ina bhfuil níos lú ná 30 g de mhil chumaisc de thionscnamh níos mó ná tír amháin, agus sna pacáistí sin amháin, féadfar na tíortha tionscnaimh a léiriú ar an lipéad trí úsáid a bhaint as cód tíre ISO 3166 alpha-2.”

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 – mír 4 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	“(ac) Má léiríonn dhá thír nó níos mó le chéile 98 % ar a laghad den mheáchan atá sa chumasc, ní gá na tíortha tionscnaimh do na cainníochtaí iarmharacha a

lua ar an lipéad.”

Leasú 61

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 2 - mír 4 - pointe ba (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 2(4):
	‘(ba) bunófar saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh do mhil chun na rialuithe a fheabhsú agus chun truaillmheascadh a bhrath maidir le mil trí thástáil chórasach meala, leis na modhanna tástála is déanaí, chun barántúlacht agus cáilíocht na meala a chruthú';

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:
I gcás meala ***scagtha agus meala báicéara***, léireoidh bulc-choimeádáin, ***pacáistí agus doiciméid trádála*** ainm iomlán an táirge, ***dá dtagraítear i bpointe 2(b)(viii)*** d’Iarscríbhinn I, ***agus i bpointe 3***.	“I gcás meala ***atá beartaithe le haghaidh úsáidí tionsclaíocha amhail mil báicéara***, bulc-choimeádáin, ***doiciméid pacáistithe agus díolacháin***, léireofar go soiléir ainm iomlán an táirge ***mar a leagtar amach i bpointe 3*** d’Iarscríbhinn I.”

Leasú 56

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)
Treoir 2001/110/CE
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
	‘Airteagal 4a
	Ceanglais inrianaitheachta
	1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh tráth nach déanaí ná… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] lena mbunaítear modheolaíocht chomhchuibhithe chun bunús beacht na meala agus na barántúlachta meala a chinneadh. Cuirfidh an mhodheolaíocht sin, trí thástáil saotharlainne nó aon mhodh eile a mheastar a bheith iomchuí, ar chumas na n-údarás inniúil mil a rianú go dtí a tír thionscnaimh nó a tíortha tionscnaimh agus beifear in ann na leibhéil is ísle is féidir agus gach cineál tanúcháin a bhrath d’fhonn barántúlacht meala a fhionnadh;
	2. Faoin … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí ódháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfear mil ar an margadh ar choinníoll go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais inrianaitheachta a leagtar

	amach san Airteagal seo. Déanfaidh údaráis inniúla seiceálacha ar tháirgí chun comhsheasmhacht leis an tír thionscnaimh nó leis na tíortha tionscnaimh atá sonraithe a fhíorú. Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha rialta agus seiceálacha rioscabhunaithe laistigh dá gcríoch chun a fháil amach an gcomhlíonann na táirgí ábhartha atá curtha ag an oibreoir nó ag an trádálaí ar an margadh an Treoir seo.'

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 c (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn I – mir 2 – pointe b – pointe viii

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2c) In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 2 (b)(viii):
(viii) mil ***scagtha***:	"(viii) mil ***neamhthéite***
Mil ***a fuarthas trí ábhar orgánach nó neamhorgánach coimhthíoch a bhaint ar bhealach ina ndéantar an phailin a bhaint uaidh go suntasach***.	An mhil ***a*** fuarthas ***ar mil í a baineadh as na cíora, a scinceáladh agus ansin, dá mba ghá, a criathraíodh. Mil a ainmnítear amhlaidh níor téadh í a mhéid gur dígrádaíodh na heinsími agus na heilimintí teasiogaire inti sa mhéid nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos i bpointí 6 agus 6a d'Iarscríbhinn II níos mó".***

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 d (nua)

Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2d) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:
Nuair a chuirtear ar an margadh í mar mhil nó nuair a úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, ní chuirfear aon chomhábhar bia eile le mil, lena n-áirítear breiseáin bhia, ná ní chuirfear aon ábhair bhreise eile léi seachas mil. Caithfidh mil, a oiread agus is ***féidir,*** a bheith saor ó ábhair orgánacha nó neamhorgánacha atá coimhthíoch dá comhdhéanamh. Cé is moite de phointe 3 d'Iarscríbhinn I, ní mór gan aon bhlas nó boladh coimhthíoch a bheith air, gan tús a bheith curtha le coipeadh, gan aigéadacht a athraíodh go saorga a bheith aige nó a bheith téite ar bhealach ina scriostar na heinsímí nádúrtha nó ina ndearnadh iad a dhíghníomhachtú go suntasach.	"Nuair a chuirtear ar an margadh í mar mhil nó nuair a úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, ní chuirfear aon chomhábhar bia eile le mil, lena n-áirítear breiseáin bhia, ná ní chuirfear aon ábhair bhreise eile léi seachas mil. Caithfidh mil a bheith saor ó ábhair orgánacha nó neamhorgánacha atá coimhthíoch dá comhdhéanamh. Cé is moite de phointe 3 d'Iarscríbhinn I, ní mór gan aon bhlas nó boladh coimhthíoch a bheith air, gan tús a bheith curtha le coipeadh, gan aigéadacht a athraíodh go saorga a bheith aige nó a bheith téite ar bhealach ina scriostar na heinsímí nádúrtha nó ina ndearnadh iad a dhíghníomhachtú go suntasach nó gan a bheith nochta d'fholúsghalú. ***Caithfidh mil, i gcás ina margaítear mar mhil í nó ina n-úsáidtear í in aon táirge a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, na saintréithe comhdhéanaimh a leagtar amach i bpointí 1 go 6 den Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh. Ina theannta sin, i gcás ina margaítear mil mar "mhil amh" nó mar "mhil neamhthéite", caithfidh sí na saintréithe comhdhéanaimh a leagtar amach i bpointe 6a a chomhlíonadh freisin.'***

Leasú 31

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 e (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – pointe 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2e) In Iarscríbhinn ***II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:***
Gan dochar do phointe 2(b)(viii) d'Iarscríbhinn I, ní fhéadfar pailin ***ná aon chomhábhar eile atá sonrach do*** mhil a bhaint ***ach amháin i gcás nach féidir é sin a sheachaint agus ábhar orgánach agus neamhorgánach coimhthíoch á bhaint***.	"***Ní cheadaítear aon athrú suntasach ar áireamh na*** pailine, ***ná ar speictream pailine ar lú é ná 100 µm***. ***Ní fhéadfar aon chomhábhar*** meala ***atá níos lú ná 100 µm*** a bhaint."

Leasú 32

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 f (nua)
Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II – mír 4 - pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2f) In Iarscríbhinn II, mír 4, cuirtear an pointe a leanas isteach:
	"6a. innéacs inbhéartáise (aonad Gontarski) le haghaidh 'mil neamhthéite'. Arna chinneadh i ndiaidh próiseála agus cumaisc. — go ginearálta, nach lú ná 50 U/kg — mil ina bhfuil cion íseal einsíme nádúrtha, nach lú ná 25 U/kg."

Leasú 33

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"3a. Léireofar ar an lipéad tosaigh tír thionscnaimh na dtorthaí a úsáidtear chun an sú a mhonarú. Más de thionscnamh níos mó ná tír amháin an toradh a úsáidtear, sonrófar na tíortha tionscnaimh ar an lipéad in ord íslitheach de réir a gcionmhaireachta sa sú torthaí."

Leasú 34

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"4. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, féadfaidh an ráiteas '***ní bhíonn*** siúcraí ***breise in aon sú torthaí'*** a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le hainm na dtáirgí dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo."	"4. Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**, féadfaidh an ráiteas "***ní bhíonn ann ach*** siúcraí ***a fhaightear go nádúrtha***" a bheith ar an lipéad sa réimse radhairc céanna le hainm na dtáirgí dá dtagraítear i gCuid I, pointe 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo."

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe d
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le meascáin de shú torthaí ***agus*** de shú torthaí ó dhlúthán, agus maidir le neachtar torthaí a fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó tháirge comhdhlúite amháin nó níos mó, beidh na focail 'ó dhlúthá(i)n' nó 'go páirteach ó dhlúthá(i)n' ar an lipéadú, de réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis sin a iontráil gar d'ainm an táirge, a sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith, i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;"	"6. Gan dochar d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le meascáin de shú torthaí agus ***de shú torthaí ó dhlúthán, do shú torthaí le siúcra laghdaithe, do shú torthaí le siúcra laghdaithe*** ó dhlúthán, agus do neachtar torthaí a fhaightear go hiomlán nó go páirteach ó tháirge dlútháin amháin nó níos mó, beidh na focail 'as dlúthá(i)n' nó 'go páirteach as dlúthá(i)n' ar an lipéadú, de réir mar is iomchuí. Déanfar an fhaisnéis sin a iontráil gar d'ainm an táirge, a sheasfaidh amach go maith ó chúlra ar bith, i gcarachtair a bheidh infheicthe go soiléir.;"

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2– mír 1 – pointe 1 – pointe d a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"7a. Ní dhéanfar maímh maidir le hairíonna deimhneacha, amhail sochair shláinte, comhábhair nó luach cothaitheach, i gcomparáid leis na torthaí nádúrtha atá sa

sú torthaí nó sna táirgí a liostaítear i bpointí 1 go 4 d'Iarscríbhinn I, ar an lipéadú le haghaidh sú torthaí le siúcra laghdaithe agus sú torthaí le siúcra laghdaithe ó dhlúthán dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointe 6."

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) In Airteagal 10, cuirtear an dara mír seo a leanas isteach:
	"Tiocfaidh Cuid 1, pointe 6, d'Iarscríbhinn I i bhfeidhm an … [12 mhí ón dáta a cuireadh leis an Treoir seo sainmhíniú ar 'saintréithe riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha de mheánchineál sú']."

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"Airteagal 3a
	Faoin 31 Nollaig 2024, tíolacfaidh an Coimisiún togra reachtach chun Iarscríbhinn I

a leasú chun sainmhíniú a thabhairt isteach ar "saintréithe riachtanacha fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha de mheánchineál sú", lena gcumhdófar na príomhthorthaí a úsáidtear i súnna torthaí.;"

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)
Treoir 2001/113/CE
Airteagal 2 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"4a. Cuirfear tír thionscnaimh na dtorthaí agus an tsiúcra a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a shainmhínítear in Iarscríbhinn I in iúl ar an lipéad. Má dhéantar táirge den sórt sin de chineál amháin torthaí, agus más de thionscnamh níos mó ná tír amháin na torthaí a úsáidtear, cuirfear na tíortha tionscnaimh ar an lipéad in ord íslitheach, de réir sciar gach tíre tionscnaimh de réir mheáchan an toraidh, agus an tsiúcra a úsáideadh chun an táirge a mhonarú.
	Maidir le táirgí ina n-úsáidtear meascán de thorthaí éagsúla de thionscnamh níos mó ná tír amháin, cuirfear na tíortha tionscnaimh in iúl ar an lipéad in ord íslitheach de réir chion gach tíre tionscnaimh de

mheáchan na dtorthaí a úsáidtear chun an táirge a mhonarú.

Sonrófar an sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh ar lipéad na bpacáistí agus úsáid á baint as na raonta seo a leanas:

>90 %

70 %-90 %

50 %-70 %

30 %-50 %

10 %-30 %

<10 %

Maidir le pacáistí ina bhfuil 30 g nó níos lú, féadfar an sciar céatadáin de réir meáchain do gach tír thionscnaimh a léiriú ar an lipéad ag úsáid ceann de na raonta seo a leanas:

>75 %

50 %-75 %

25 %-50 %

<25 %

Ní fhéadfar na tíortha tionscnaimh a lua ar an lipéad ach amháin i gcás pacáistí ina bhfuil níos lú ná 30 g trí úsáid a bhaint as cód tíre ISO 3166 alpha-2.”

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Treoir 2001/113/CE
Airteagal 2 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
“6. ***I gcás inar mó ná***	“6. Léireofar an cion

10 mg/kg an cion iarmharach de dhé-ocsaíd sulfair, léireofar ***a láithreacht*** ar liosta na gcomhábhar ***de mhaolú ar Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011***.;”	iarmharach de dhé-ocsaíd sulfair ar liosta na gcomhábhar.;”

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***18*** mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.	Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***12*** mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].	Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón … [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***18*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha 2001/110/CE, 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.	Táirgí a chuirtear ar an margadh nó a lipéadaítear roimh [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = ***18*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir le Treoracha 2001/110/CE, 2001/112/CE, 2001/113/CE agus 2001/114/CE, féadfar leanúint lena margú go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

Leasú 44

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Pionóis
	Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta a ghlactar de bhun na Treorach seo a leagan síos agus déanfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn -I (nua)

Treoir 2001/110/CE
Iarscríbhinn II - mír 4 - pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	-I Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/110/CE mar a leanas: i mír 4, cuirtear an pointe seo a leanas léi:
	‘6a. An t-innéacs inbhéartáise (modh Siegenthaler) i leith ‘mil neamhthéite’, a chinntear tar éis meala - nach lú ná 50 U/kg de ghnáth - a bhfuil cion íseal einsímí iontu ó nádúr, nach lú ná 25 U/kg, a phróiseáil agus a chumasc.’
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)

Leasú 45

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leasaítear Iarscríbhinní I ***agus*** III a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar seo a leanas:	Leasaítear Iarscríbhinní I***, III agus V*** a ghabhann le Treoir 2001/112/CE mar seo a leanas:

Leasú 46

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I – cuid I – pointe a – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tá diantoirmeasc ar aon chineál siúcra nó milseora

	breise, bídís nádúrtha nó saorga, i sú torthaí le siúcra laghdaithe.

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I – cuid I – pointe a – fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tá diantoirmeasc ar aon chineál siúcra nó milseora breise, bíodh sé nádúrtha nó saorga, i sú torthaí ó dhlúthán le siúcra laghdaithe.

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii – eang 2
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn I – cuid II – pointe 3 – eang 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"– próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a bhaint, a mhéid a choinníonn siad ar bun na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú den toradh as a dtagann sé: scagachán scannáin, coipeadh giosta.;"	***"— i gcás sú torthaí le siúcra laghdaithe agus sú torthaí ó dhlúthán le siúcra laghdaithe:*** – próisis chun siúcraí a fhaightear go nádúrtha a laghdú, a mhéid a choinníonn siad ar bun na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha, orgánaileipteacha agus cothaitheacha fíor-riachtanacha eile go léir a bhaineann le meánchineál sú den toradh as a dtagann sé: scagachán scannáin, coipeadh giosta.;"

Leasú 49

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Treoir 2001/112/CE
Iarscríbhinn V – sraith 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) In Iarscríbhinn V, cuirtear isteach an tsraith seo a leanas:
	"*Gnáthainm an Toraidh: Oráiste Craorag*
	Ainm Luibheolaíoch Citrus × sinensis
	***Íosleibhéil Brix: 10*"**

Leasú 50

Togra le haghaidh treorach
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Treoir 2001/113/CE
Iarscríbhinn I – Cuid I– eang 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"– Is meascán é 'marmaláid citris', lena dtugtar raimhre ghlóthaithe oiriúnach, d'uisce, siúcraí agus ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas a fhaightear ó thorthaí citris: laíon, purée, sú, eastóscáin uiscí agus scamh."	"– Is meascán é 'marmaláid citris', lena dtugtar raimhre ghlóthaithe oiriúnach, d'uisce, siúcraí agus ceann amháin nó níos mó de na táirgí seo a leanas a fhaightear ó thorthaí citris: laíon, purée, sú, eastóscáin uiscí agus scamh. ***San ainm 'marmaláid citris', féadfar ainm an toraidh citris a úsáideadh a chur in ionad an téarma 'citris'."***